**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar ceiste seo iomlán a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

## SCRÚDÚ NA h-ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

**DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH 2002, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúigdéag** ceist as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

## ROINN I (120 marc)

Freagair **cúigdéag** ceist.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## ROINN II (200 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt id fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHA(I)R AG DEIREADH AN SCRÚDAITHE.**

# ROINN I (120 marc)

Freagair **cúigdéag** ceist.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

1. "Is leis an ngnáthfheirmeoir féin in Éirinn an chuid is mó de na hacmhainní a úsáideann sé/sí." Tabhair sampla **amháin**.

______________________________________________

______________________________________________

2. Cén sainmhíniú atá ar fheirmeoir sa Daonáireamh?

______________________________________________

______________________________________________

3. Luaigh difríocht mór **AMHÁIN** idir úsáid na talún in Éirinn agus ar mhórthír na hEorpa.

______________________________________________

4. Ainmnigh an **DÁ** fhiontar is tábhachtaí i dtalmhaíocht na hÉireann i dtéarmaí Mórtháirgeacht Talmhaíochta.

(a)____________________ (b)____________________

5. Déantar ______________% den aschur mairteola a easportáil.

6. Ainmnigh an eagraíocht a dhéanann comhordú ar chomharchumainn thalmhaíochta in Éirinn.

______________________________________________

7. Sainmhínigh Táirge Teorannach Ioncaim (MRP).

______________________________________________

8. Conas a bhíonn tionchar ag ardú ar chostas táirgeachta tráchtearra ar chuar soláthair an tráchtearra sin?

______________________________________________

9. Déan idirdhealú idir *an t-éileamh* ar bhia agus *an gá* atá le bia.

______________________________________________

10. Ainmnigh an cóimheas a thaispeánann an tionchar a bhíonn ar éileamh de bharr athrú ar fhíorioncam.

______________________________________________

11. Cad é an difríocht idir phraghas ainmniúil talún agus fíorphraghas talún?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

12. Is é an sainmhíniú a dhéantar ar *chóimheas leachtachta feirme* ná cóimheas sócmhainní_________ le fiachais_________.

13. Luaigh an **DÁ** chatagóir eolais is gá chun plean feirme a tháirgeadh.

(a)__________________________________ (b)__________________________________

14. Cad é an phríomh dhifríocht idir iasacht pearsanta agus iasacht fruilcheannaigh?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

15. Conas a dhéantar fás ar an ngeilleagar náisiúnta a thomhas?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

16. Cén fáth nach leor ioncam ó fheirmeoireacht a thuilleadh mar thomhas sásúil ar stádas eacnamaíoch mhórán feirmeoirí?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

17. Tá dhá phríomhfheidhm ag Státseirbhísigh sa phróiseas chun polasaí talmhaíochta a bheartú. Ainmnigh **ceann amháin** díobh.

______________________________________________________________________________

18. Cé hiad na "feirmeoirí a bhfuil poitéinseal inmharthanachta acu"?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

19. Tá mórán eisceachtaí i gcóras taca praghsanna ginearálta CAP. Ainmnigh **DHÁ** cheann díobh.

(a)__________________________________ (b)__________________________________

20. Déan cur síos ar mhíbhuntáiste mór **amháin** a bhaineann le polasaí chúnamh bia chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

***Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe.***

# ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí don roinn seo i do leabhar freagraí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**1.** Tá geilleagar náisiúnta na hÉireann roinnte i dtrí mhór-earnáil A, B agus C. Bhí Olltáirgeacht Intíre (GDP) gach earnáil i 1999 mar seo a leanas:

| | **€ billiún** | **% den iomlán** |
|---|---|---|
| A | 29.8 | 38.3 |
| B | 3.3 | 4.2 |
| C | 44.7 | 57.5 |
| **Iomlán** | **77.8** | **100.0** |

(i) Ainmnigh na **TRÍ** earnáil.

(ii) Tá comhréir gach earnáil ag athrú le himeacht ama. Abair cén earnáil atá ag cúlú, cén ceann atá ag fás agus cé acu atá réasúnta seasmhach.

(iii) Ní thugann foroinnt an gheilleagair i dtrí earnáil pictiúr iomlán de thábhacht earnáil na talmhaíochta. Mínigh cén fáth.

**[50 marc]**

**2.** (i) Cad iad comhpháirteanna Foirmiú Caipitil san fheirmeoireacht?

(ii) Déan idirdhealú idir **Mórfhoirmiú Caipitil** agus **Glanfhoirmiú Caipitil**.

(iii) Déantar Foirmiú Caipitil san fheirmeoireacht a mhaoiniú as trí fhoinse. Abair cad iad na **TRÍ** foinsí.

(iv) Cén Cuntas Feirme ina bhfaighfeá eolas ar stoc caipitil feirme?

**[50 marc]**

**3.** (i) Ó'n sceidil éilimh agus soláthair seo a leanas do bharr (crop) áirithe, tarraing an léaráid i do leabhar freagraí, agus cuir lipéad soiléir ar na haiseanna agus ar na cuair éilimh agus soláthair.

| **Praghas** (€ an tonna) | **Éileamh** (tonna) | **Soláthar** (tonna) |
|---|---|---|
| 15 | 500,000 | 150,000 |
| 20 | 400,000 | 300,000 |
| 25 | 300,000 | 450,000 |
| 30 | 200,000 | 600,000 |
| 35 | 100,000 | 750,000 |

(ii) Cé mhéad ioncam a gheobhadh feirmeoirí ar an mbarr ar mhargadh saor?

(iii) Dá socródh an Rialtas, i gcás gur mhian leis fáltais feirmeoirí a mhéadú, praghas ráthaithe €24 an tonna, cé mhéad ioncam a gheobhadh feirmeoirí **agus** cén farasbarr a d'fhágfaí ag an Rialtas?

**[50 marc]**

**4.** Agus na sonraí cuntais feirme seo a leanas agat do ghnáthfheirm déiríochta in Éirinn:

| | | | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin lúide ceannacháin: | (i) | bainne | 66,000 |
| | (ii) | beostoc | 30,000 |
| | (iii) | barraí | 4,000 |
| Athruithe ar fhardail | | | - 5,000 |
| Tomhaltas an tí | | | 1,500 |
| Costais athraitheacha | | | 36,000 |
| Costais sheasta: | (i) | Dímheas | 3,000 |
| | (ii) | Eile | 24,000 |

**Ríomh:** (i) Aschur na Feirme

(ii) Mórchorrlach na Feirme

(iii) Ioncam Teaghlaigh na Feirme

**[50 marc]**


**5.** Tá súil ag feirmeoir, atá ag beartú breis talún a cheannach, an t-airgead is gá a fháil ar iasacht.

(i) Mínigh conas is dócha a shocróidh an bainisteoir bainc an tsuim airgid a d'fhéadfadh an feirmeoir a fháil ar iasacht.

(ii) I gcás go mbeadh deacracht ag an bhfeirmeoir leis na haisíocaíochtaí ar an talamh, mínigh **TRÍ** roghanna a bheadh aige/aici.

**[50 marc]**

**6.**




(i) Mínigh (a) costas imeallach
(b) ioncam imeallach.

(ii) Cóipeáil an léaráid thuas i do leabhar freagraí, líon isteach na lipéid atá ar iarraidh, agus sainaithin an leibhéal táirgeachta is brabúsaí, (Q).

(iii) Mínigh cén fáth a mbeadh an brabús níos lú dá mbeadh an táirgeacht os cionn nó faoi bhun an leibhéil seo (Q).

**[50 marc]**

***Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe.***